EUROPEAN UNION
AGENCY FOR ASYLUM

# Tuarascáil Tearmainn 2024

## Achoimre Feidhmiúcháin



Achoimre Feidhmiúcháin

2024

# Tuarascáil Tearmainn 2024

## Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn san Aontas Eorpach

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

**Meitheamh 2024**

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2024

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine atá ag gníomhú thar a ceann freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá san fhoilseachán seo.

Grianghraf clúdaigh: iStock/Halfpoint

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024

PDF BZ-AH-24-001-GA-N ISBN 978-92-9403-953-8 ISSN 2600-318X doi: 10.2847/315203

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua. Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EUAA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóir an chóipchirt.

# Réamhrá

Den chéad uair ó bunaíodh an Comhchóras Eorpach Tearmainn (CET), iarradh ar an Eoraip cuidiú leis an líon ba mhó daoine riamh a raibh cosaint á lorg acu. In 2023, d'ardaigh líon na n-iarratas ar thearmann go leibhéil lenar cuireadh i gcuimhne dúinn géarchéim dídeanaithe 2015-2016. I ndáiríre, thug tíortha cosaint do i bhfad ní ba mhó daoine, ós rud é gur taifeadadh os cionn 4.3 milliún tairbhí cosanta sealadaí ó thús ionradh na Rúise, sa bhreis ar níos mó ná 1.1 milliún iarrthóir tearmainn in 2023.




I bhfianaise an méid sin, ba thábhachtach don Aontas glacadh an Chomhshocraithe Nua maidir le hImirce agus Tearmann chun a chóras tearmainn ilnáisiúnta uathúil a chur chun cinn. Ba é ba chúis leis an rath sin an toil pholaitiúil, an tsolúbthacht agus iarrachtaí cuimsitheacha ar an leibhéal teicniúil chun na sonraí sonracha de chreat sofaisticiúil a réiteach. Beidh ról lárnach ag an gcomhaontú maidir le cleachtais a chóineasú agus maidir le cur ar chumas thíortha AE+ aghaidh a thabhairt ar an líon ard d'iarrthóirí tearmainn.

Bímis soiléir – ní foláir do na Ballstáit leanúint de bhuanseasmhacht a léiriú sna blianta amach romhainn. Tá obair fós le déanamh chun aghaidh a thabhairt ar riaráistí atá ann cheana chun próiseáil éifeachtach a dhéanamh ar líon méadaithe na n-iarratas isteach agus chun cóiríocht a chur ar fáil d'iarratasóirí ar chosaint. Ag an am céanna, beidh ar na húdaráis a gcórais tearmainn agus ghlactha a athstruchtúrú chun iad a ailíniú leis na nósanna imeachta coiteanna a shainítear sa chomhaontú. Is léir go mbeidh acmhainní breise agus pleananna cur chun feidhme náisiúnta mionsonraithe ag teastáil chuige sin.

Lean Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), atá ag feidhmiú cheana féin le sainordú feabhsaithe ar feadh dhá bhliain, de bheith ina príomhghníomhaí i réimse na cosanta idirnáisiúnta san Eoraip trí leibhéil tacaíochta oibríochtúla, teicniúla agus oiliúna nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo a sholáthar in 2023. I ré ina bhfuil dul chun cinn tábhachtach bainte amach i dtaobh chóras tearmainn na hEorpa, leanfaidh EUAA inniúil de chúnamh a thabhairt chun cleachtais sna Ballstáit a chomhchuibhiú, chun saineolas a mhéadú agus chun feabhas a chur ar chumas na hEorpa réitigh chosanta a sholáthar.

Nina Gregori
Stiúrthóir Feidhmiúcháin
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann

# Clár ábhar

**Clár ábhar ... 5**

**Réamhrá ... 6**

**1. Forbairtí domhanda i réimse an tearmainn in 2023 ... 7**

**2. Mórfhorbairtí maidir le tearmann san Aontas Eorpach in 2023 ... 8**

**3. Feidhmiú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn ... 9**

Bosca 1. Cosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin ... 9
3.1. Rochtain ar nósanna imeachta ... 10
3.2. Córas Bhaile Átha Cliath ... 12
3.3. Nósanna imeachta speisialta chun riachtanais chosanta a mheas ... 13
3.4. Iarratais ar thearmann a phróiseáil ag an gcéad chéim ... 14
3.5. Iarratais ar thearmainn a phróiseáil ag an dara céim nó ag céim níos airde ... 16
3.6. Glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ... 16
3.7. Gnéithe den choinneáil a bhaineann le hiarratasóirí agus le hiar-iarratasóirí ... 17
3.8. Rochtain ar fhaisnéis ... 18
3.9. Cúnamh dlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil ... 18
3.10. Seirbhísí ateangaireachta ... 19
3.11. Faisnéis faoin tír thionscnaimh ... 19
3.12. Cásanna daoine gan stát i gcomhthéacs an tearmainn ... 20
3.13. Inneachar cosanta ... 20
3.14. Athlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil ... 21

**4. Leanaí agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu sa nós imeachta tearmainn ... 22**


**5. Tacaíocht EUAA in 2023 ... 24**

**Focal scoir ... 26**

# Réamhrá

Achoimre Feidhmiúcháin Thuarascáil Tearmainn 2024:Déantar achoimre sa Tuarascáil Bhliantúil ar an Staid Tearmainn san Aontas Eorpach ar na príomhfhorbairtí sa chosaint idirnáisiúnta agus cuirtear i láthair go mion iad sa phríomhthuarascáil.

Tá an achoimre ar fáil in 30 teanga, lena n-áirítear teangacha uile an Aontais maille leis an Albáinis, an Araibis, an Mhacadóinis, an Rúisis, an tSeirbis, an Tuircis agus an Úcráinis.




Is féidir an fhaisnéis a chuirtear i láthair sa phríomhthuarascáil a scagadh trí roinnt acmhainní so-úsáidte:

- Cuirtear i láthair sa Bhunachar Sonraí Náisiúnta um Fhorbairtí Tearmainn na forbairtí reachtacha, institiúideacha agus beartais a ndéantar cur síos orthu sa tuarascáil. Is féidir nuashonruithe a chuardach de réir tíre, ábhair, bliana agus cineáil forbartha. Déantar achoimre ar an bhfaisnéis freisin agus cuirtear i láthair i dtábla de réir tíre agus de réir réimse téamach í i ndoiciméad PDF.
- Cuirtear i láthair sa tuarascáil rogha forbairtí dlí-stuamachta bunaithe ar Bhunachar Sonraí Cásdlí EUAA. Tabharfar léitheoirí chuig an gcás sonrach sa bhunachar sonraí trí chliceáil ar na hipearnaisc laistigh den téacs.
- Cuirtear na foinsí a úsáidtear chun an Tuarascáil Tearmainn a tháirgeadh i láthair sa liosta tagairtí ag deireadh na tuarascála. Tá siad ar fáil freisin sna Foinsí maidir le Tearmann 2024 atá sonraithe agus grúpáilte de réir cineál foinse. Is féidir le léitheoirí a aithint go héasca an ó institiúidí agus gníomhaireachtaí Eorpacha, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, ó údaráis náisiúnta, ó eagraíochtaí sochaí sibhialta nó ó mheithleacha machnaimh agus ón saol acadúil a thagann na foinsí.



# 1. Forbairtí domhanda i réimse an tearmainn in 2023

Lean riachtanais chosanta de bheith ag méadú in 2023 cé nach raibh aon ghné aonair d'fhorbairt ina catalaíoch ar an gcaoi chéanna le hionradh na Rúise ar an Úcráin, le gabháil cumhachta an Talaban ar an Afganastáin ná le paindéim COVID-19 sna blianta roimhe seo. Mar sin féin, lean na géarchéimeanna sin de thionchar a imirt ar fhorbairtí in 2023 i measc coinbhleachtaí nua agus leanúnacha, suaití aeráide, corraíl gheopholaitiúil, foréigean agus géarleanúint a d'fhág gur theith na milliúin duine ón mbaile.

Shroich líon na ndaoine a easáitíodh go héigeantach in 2023 buaic stairiúil de 114 milliún nó os a chionn sin, agus i measc na bpríomhphointí easáitithe bhí an Afganastáin, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, tíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib, Maenmar, an tSomáil, an tSúdáin agus an Úcráin. Mar gheall ar ghéarú na coinbhleachta in Gaza ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 ar aghaidh agus ar an ngéarchéim dhaonnúil a bhaineann léi, tá méadú as cuimse tagtha ar riachtanais chosanta sa réigiún.

I bhfianaise an méid sin, lean an pobal idirnáisiúnta d'iarrachtaí a dhéanamh chun réitigh a fhorbairt dóibh siúd a bhfuil cosaint de dhíth orthu, go minic trí chomhar il-gheallsealbhóra agus trí éagsúlacht mhéadaithe gníomhaithe a bhfuil baint acu le réitigh a sholáthar. Sampla den scoth de thionscnamh den sórt sin ab ea an gealltanas a tugadh ag an dara Fóram Domhanda um Dhídeanaithe i mí na Nollag 2023. Gheall rialtais, gníomhaithe idirnáisiúnta, an earnáil phríobháideach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta os cionn USD 2.2 billiún le haghaidh beartais agus cláir shonracha chun tacú le pobail easáitithe agus le tíortha a bhfuil dídeanaithe á n-óstáil acu agus gheall siad aon mhilliún dídeanaí a athlonnú faoi 2030 agus cabhrú le trí mhilliún duine breise trí urraíocht phobail.

Bhí an t-athrú aeráide agus an ról atá aige maidir le heasáitiú a ghiniúint, chomh maith leis an tionchar atá aige ar dhídeanaithe agus ar phobail óstacha, fós i measc na bpríomhthéamaí sa dioscúrsa ó thaobh na cosanta idirnáisiúnta de. Leanadh den phlé freisin maidir le daoine gan stát i gcomhthéacs an tearmainn agus na hidirghníomhaíochta idir daoine gan stát agus riachtanais chosanta.

De réir mar a leanann an pobal idirnáisiúnta de bheith ag tabhairt aghaidh ar ghnéithe casta de phatrúin easáitithe atá ag síorathrú, is cosúil go bhfuil tuiscint atá ag dul i méid mar bhonn eolais do dhioscúrsa agus do phraitic na cosanta idirnáisiúnta le blianta beaga anuas. Ní hamháin gur ábhar imní daonnúil é an t-easáitiú éigeantach ach is dúshlán forbartha é freisin. Ní hamháin go dtagann formhór na ndídeanaithe ar fud an domhain ó thimpeallachtaí leochaileacha ach teitheann siad go timpeallachtaí leochaileacha freisin, agus os cionn trí cheathrú de na daoine easáitithe ar fud an domhain á n-óstáil i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim. Le cur chuige an naisc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin, rud atá lárnach in iarrachtaí an chomhphobail idirnáisiúnta le blianta beaga anuas, moltar freagairtí cuimsitheacha ó gheallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear gnólachtaí, institiúidí airgeadais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chun a gcuid saineolais faoi seach a úsáid le haghaidh réitigh forbartha a bhaint amach.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil: https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-1-global-developments-field-asylum-2023**

# 2. Mórfhorbairtí maidir le tearmann san Aontas Eorpach in 2023



Tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil i mí na Nollag 2023 maidir le príomhionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe Nua maidir le hImirce agus Tearmann. B'urfhuascailt mhór í sin san athchóiriú ar an Comhchóras Eorpach Tearmainn (CET), rud a réitigh an bealach chun ionstraimí a thabhairt chun críche chun ailtireacht fheidhmiúil nua-aimseartha imirce agus tearmainn a chur ar fáil don Eoraip.

In 2023, lean an tAontas de ghníomhú chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí tubaisteacha fhogha na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear céimeanna chun comhar níos dlúithe a spreagadh i measc gníomhaithe idirnáisiúnta agus ionstraimí a chur amach chun tacú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine. Leis an síneadh a cuireadh leis an gcosaint shealadach go dtí mí an Mhárta 2025, cuireadh cobhsaíocht agus intuarthacht ar fáil do na milliúin tairbhithe. Agus tiomantas fadtéarmach na hEorpa don tsíochＣáin, don tslándáil agus don rathúnas sa réigiún á athdhearbhú aici, chinn an Chomhairle Eorpach tús a chur le caibidlíocht maidir le haontachas leis an Úcráin i mí na Nollag 2023 de thairbhe moladh ón gCoimisiún Eorpach.

Bhí brú ann fós ag teorainneacha seachtracha an Aontais, agus an líon ba mhó trasnuithe teorann neamhrialta ó bhí 2016 ann. De réir sonraí a bhailigh Frontex, braitheadh 385 000 trasnú teorann neamhrialta ag teorainneacha seachtracha an Aontais arb ionann é agus méadú 18 % i gcomparáid le 2022. Chun aghaidh a thabhairt air sin, thug an tAontas tionscnaimh isteach chun a theorainneacha seachtracha a bhainistiú go héifeachtach trí Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip a chalabrú, trí na córais faisnéise atá ann cheana agus a n-idir-inoibritheacht a uasghrádú, agus trí oibriú le príomhthíortha comhpháirtíochta ar fud na mbealaí imirce.

Chun an dá phlean gníomhaíochta 2022 a bhaineann le bealaí na Meánmhara Láir agus na mBalcán Thiar a chomhlánú, chuir an Coimisiún Eorpach dhá phlean gníomhaíochta bhreise i láthair in 2023 chun aghaidh a thabhairt ar bhealaí na Meánmhara Thiar, an Atlantaigh agus na Meánmhara Thoir. Agus é á aithint aige go dtrasnaíonn thart ar 90 % de dhaoine teorainneacha seachtracha an Aontais go neamhrialta le cúnamh ó smuigléirí imirceach, chuir an Coimisiún Eorpach tograí reachtacha nua i láthair i mí na Samhna 2023 chun smuigleáil imirceach a chosc agus a chomhrac.

Chun réitigh atá dírithe ar chosaint a chur chun cinn ar fud an domhain, lean an tAontas dá chomhar cuimsitheach a bhfuil tairbhe fhrithpháirteach ag baint leis. I measc na ngníomhaíochtaí faoin ngné sheachtrach de bheartas imirce agus tearmainn an Aontais, bhí iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta; bealaí dleathacha chun cosanta a fhorbairt san Eoraip; tacaíocht a chur ar fáil do réitigh chosanta in áiteanna eile ar domhan; líonraí smuigleála a chomhrac; agus oibriú le tíortha comhpháirtíochta maidir le himirce agus bainistiú teorainneacha.

Mar chuid dá ról maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm comhchuibhithe dhlí an Aontais a áirithiú, in 2023 d'eisigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) níos mó ná 20 breithiúnas agus ordú lena léirmhínítear forálacha éagsúla de CET, mar shampla lena gcumhdaítear ábhair a bhaineann le rochtain ar an nós imeachta tearmainn, nós imeachta Bhaile Átha Cliath, leigheas éifeachtach i nósanna imeachta brostaithe agus athaontú teaghlaigh.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil: https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-2-major-developments-asylum-european-union-2023**

# 3. Feidhmiú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn



Mar thoradh ar an méadú mór atá ag teacht ar líon na ndaoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu san Eoraip agus go bhfuil córais ghlactha náisiúnta ar lánacmhainn, chuir tíortha AE+ tionscnaimh reachtacha, bheartais agus phraiticiúla chun feidhme in 2023 chun an staid athraitheach a bhainistiú. Ag an am céanna, chuir eagraíochtaí na sochaí sibhialta, UNHCR agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile in iúl go raibh imní ann faoi roinnt cleachtas laistigh de riaracháin náisiúnta tearmainn agus ghlactha.

## Bosca 1. Cosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin



De réir mar a lean an fogha míleata faoin Úcráin ar aghaidh go dtí an dara bliain, lean ní ba mhó ná 4.3 milliún saoránach nach saoránaigh den Aontas iad a d'fhág an Úcráin de bheith á n-óstáil le stádas cosanta sealadaí i dtíortha AE+, rud a chuir síneadh le bailíocht na cosanta go dtí mí an Mhárta 2025. In 2023, d'eisigh tíortha AE+ breis agus aon mhilliún cinneadh lenar deonaíodh cosaint shealadach, agus fuair náisiúnaigh na hÚcráine 99 % díobh sin. Ó bhí na leibhéil arda ann ag tús an chogaidh, tá laghdú ag teacht ar chinntí lena ndeonaítear cosaint shealadach agus d'fhan siad réasúnta cobhsaí ar leibhéal ní b'ísle amhail ó shamhradh 2023 i leith.

Cheadaigh roinnt tíortha AE+ an stádas cosanta sealadaí a thiontú ina cheadanna cónaithe le haghaidh fostaíochta nó athaontú teaghlaigh. Agus leathnaigh roinnt tíortha raon feidhme na cosanta sealadaí chuig náisiúnaigh na hÚcráine a bhí lasmuigh den Úcráin cheana féin nuair a thosaigh an t-ionsaí míleata. I gcodarsnacht leis sin, thosaigh tíortha eile ar bhearta a thabhairt isteach chun incháilitheacht le haghaidh cosaint shealadach a theorannú.

Shainigh na cúirteanna critéir incháilitheachta freisin. In *An tIarrthóir* v *An Rúnaíocht Stáit um Imirce*, rialaigh Cúirt Riaracháin Chónaidhme na hEilvéise (FAC) nár cheart cosaint shealadach a dheonú d'Úcránaigh a raibh saoránacht AE/CSTE+ acu freisin. Dheimhnigh Cúirt Bhunreachtúil na hOstaire go bhfuil feidhm ag cosaint shealadach maidir le náisiúnaigh den Úcráin a d'fhág an tír go gairid roimh an 24 Feabhra 2022 ach a bhí ina gcónaí sa tír go teoiriciúil. Chinn Cúirt

Riaracháin München sa Ghearmáin in *An tIarratasóir* v *An Oifig Inimirce* (M 4 S 23.2442) nach raibh comhpháirtithe neamhphósta daoine ón Úcráin incháilithe chun cosaint shealadach a fháil. Tháinig an chúirt ar an gconclúid chéanna i gcás M 4 K 23.2440. D'aisiompaigh Ard-Chúirt Riaracháin na Baváire an cinneadh deireanach sin an 31 Deireadh Fómhair 2023 leis an gcinneadh i gcás 10 C 23.1793.

Tugadh isteach bearta speisialta lenar áiríodh scoláireachtaí agus ceachtanna teanga saor in aisce chun tacú le lánpháirtiú sóisialta agus eacnamaíoch thairbhithe na cosanta sealadaí i sochaithe óstacha. Fós ina n-ábhar práinneach bhí cóiríocht agus tithíocht oiriúnach, siúd is gur éascaíodh comhtháthú sa mhargadh saothair ar an mórgóir. Mar sin féin, eisíodh thart ar thrí chúigiú de na cinntí lena ndeonaítear cosaint shealadach in AE+ in 2023 do mhná agus do chailíní, an ceathrú cuid díobh do leanaí – rud a chuir ualach ar go leor mná Úcránacha dul i mbun fostaíochta ina dtír óstach. Ina theannta sin, bhí Úcránaigh fostaithe i bpoist ar bheagán oiliúna go minic, i bpáirt mar gheall ar na nósanna imeachta fada chun dioplómaí nó cáilíochtaí a aithint.

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais na ndaoine easáitithe ón Úcráin, lean EUAA, in éineacht le ECFE, de Shuirbhéanna na nImirceach ón Úcráin a chur chun feidhme. Bunaithe ar na torthaí, foilsíodh dhá bhileog eolais i mí an Mheithimh agus i mí Dheireadh Fómhair 2023. Ina theannta sin, sa tuarascáil 'Voices in Europe: Experiences, hopes and aspirations of forcibly displaced persons from Ukraine' [Guthanna san Eoraip: Eispéiris, dóchas agus mianta daoine a easáitíodh go héigeantach ón Úcráin], déantar anailís ar na teistiméireachtaí pearsanta a bailíodh mar chuid den suirbhé leanúnach agus cuirtear i láthair inti na mórthéamaí ardaithe ag an bpobal sin.

## 3.1. Rochtain ar nósanna imeachta

In 2023, fuair tíortha AE+ breis agus 1.1 milliún iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, arb ionann é agus an líon is mó iarratas ó bhí géarchéim na ndídeanaithe ann in 2015-2016. Sa ráithe dheireanach de 2023, bhí líon na n-iarratas a taisceadh ní b'airde ná leibhéil 2016. Bhí an líon iarratas a taisceadh gach mí in 2023 beagnach i gcónaí ní b'airde ná mar a bhí in 2022 agus, mar aon le 2022, bhí os cionn 90 % díobh ina n-iarratasóirí céaduaire.

Bhí an Ghearmáin ar bharr an liosta i dtéarmaí líon na n-iarratas a fuarthas (334 000, méadú 45 % ó 2022) agus b'ionann iad agus thart ar 30 % den iomlán. B'ionann na chéad trí thír ghlactha eile ba mhó agus 41 % de na hiarratais, agus bhí an líon ba mhó iarratas riamh i ngach ceann acu: An Fhrainc (167 000 iarratas, méadú 7 %), an Spáinn (162 000, méadú 38 %) agus an Iodáil (136 000, méadú 63 %).

Agus iarratais ar thearmann á mbreithniú i ndáil le méid an daonra, bhí an Chipir ar bharr an liosta agus taisceadh thart ar 13 000 iarratas in aghaidh an mhilliúin áitritheoir. I measc na dtíortha eile a raibh leibhéil shuntasacha brú orthu de bharr insreabhadh d'iarratas ar thearmann bhí an Ostair (6 500 in aghaidh an mhilliúin áitritheoir), an Ghréig (6 200), an Ghearmáin (4 000), Lucsamburg (3 800), an Bhulgáir (3 500), an tSlóivéin agus an Eilvéis (3 400 don dá cheann acu).

Ba iad Siriaigh, Afganastánaigh agus Turcaigh ba mhó a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, agus b'ionann é sin agus ní ba mhó ná aon trian de na hiarratais uile a taisceadh i dtíortha AE+ *(féach Fíor 1)*. Chuir náisiúnaigh de chuid na Siria, arbh ionann an líon díobh agus thart ar an séú cuid de na hiarratasóirí ar fad, 181 000 iarratas isteach, méadú 38 % i gcomparáid le 2022


agus an leibhéal is airde ó 2016 i leith. I bhfad taobh thiar de sin bhí Afganastánaigh, le 114 000 iarratas, arb ionann é agus laghdú 11 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Le 101 000 iarratas, chuir líon ní ba mhó ná riamh de Thurcaigh isteach air agus is Turcaigh iad an tríú grúpa is mó d'iarratasóirí fós. Ba mhéadú 82 % é sin i gcomparáid le 2022, méadú a bhí beagnach ní ba mhó ná líon na n-iarratas ó Afganastánaigh.

Cuireadh líon ard iarratas isteach thar ceann saoránaigh tíortha eile freisin, lenar áiríodh Veiniséalaigh agus Colómaigh, a bhí sa cheathrú agus sa chúigiú háit faoi seach. Tar éis an ghéaraithe ar choinbhleacht Iosrael-na Palaistíne i mí Dheireadh Fómhair 2023, rinne líon ní ba mhó ná riamh de Phalaistínigh iarratas ar thearmann.

In 2023, bhí tíortha AE+ fós faoi bhrú ag na teorainneacha agus bhí dúshláin rompu a bhain leis an líon ard daoine a tháinig isteach. Chuir tionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin brú ar theorainneacha seachtracha thoir an Aontais, agus bhí tíortha i réigiún na Meánmhara ag streachailt le teacht isteach leanúnach na n-imirceach ar muir. Chuir tíortha a ndeachaigh gluaiseachtaí ar bhealach na mBalcán i bhfeidhm orthu dlús lena n-iarrachtaí na teorainneacha a rialú. Bhí brú le brath freisin i dtíortha i lár na hEorpa, inar fuarthas líon méadaitheach iarratas.

Sa chomhthéacs sin, dhírigh tíortha AE+ ar imirce neamhrialta isteach san Aontas a laghdú agus a chosc, agus an baol ann in amanna go n-imreodh sé sin tionchar ar rochtain éifeachtach ar an gcríoch. Le linn 2023, rinne institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, UNHCR, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta grinnscrúdú ar bheartais agus ar chleachtais a bhaineann le rochtain éifeachtach ar an gcríoch agus ar an nós imeachta tearmainn a chur ar fáil. Chuir siad in iúl go raibh imní orthu faoi sháruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar chearta bunúsacha ag na teorainneacha seachtracha agus d'iarr siad ar na rialtais náisiúnta agus ar an gCoimisiún Eorpach araon a áirithiú go n-urramófar cearta bunúsacha agus go gcloífear le prionsabal an *non-refoulement*.

**Fíor 1. Iarratais ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+ de réir tír thionscnaimh, 2023**




**Nótaí:** Ní raibh sonraí ar fáil don Phortaingéil le haghaidh na tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag 2023. Ní hionann teorainneacha na léarscáile agus formhuiniú oifigiúil ná glacadh oifigiúil ón Aontas Eorpach.
*Foinse:* Sonraí Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS) EUAA ón 1 Feabhra 2024 ar aghaidh.

Choinnigh roinnt tíortha staid éigeandála ar bun, agus rialacha á gcur i bhfeidhm acu lenar ceadaíodh maoluithe ar an nós imeachta rialta. Thosaigh siad ag infheistiú freisin in úsáid na teicneolaíochta chun an tslándáil teorann a choinneáil ar bun. Mar gheall ar an ualach oibre méadaithe a d'eascair as an líon ní d'airde iarratas, rinne go leor tíortha coigeartuithe ar phróisis chlárúcháin agus taiscthe, chomh lena n-acmhainní daonna a athdháileadh chun bheith in ann dul i ngleic le riaráiste na n-iarratas.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil: https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-31-access-procedures**

## 3.2. Córas Bhaile Átha Cliath



In 2023, dhírigh an Coimisiún Eorpach agus tíortha AE+ ar éifeachtacht Rialachán Bhaile Átha Cliath III a fheabhsú. Thosaigh na Ballstáit ag cur i bhfeidhm na réiteach praiticiúil a shainítear sa Treochlár maidir le Feabhas a Chur ar Chur Chun Feidhme Aistrithe faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III (treochlár Bhaile Átha Cliath), a d'fhormhuinigh tíortha AE+ ag cruinniú an Choiste Straitéisigh um Inimirce, Teorainneacha agus Tearmann (SCIFA) an 29 Samhain 2022.

Áiríodh ar na réitigh phraiticiúla sin, mar shampla, foireann a earcú agus a oiliúint, athbhreithniú a dhéanamh ar shreafaí oibre agus ar ghnáthnósanna imeachta oibriúcháin, agus tús a chur le tionscnaimh um dhigitiú nó leanúint díobh. D'fhoilsigh EUAA moltaí nuashonraithe maidir le cur chun feidhme aistrithe Bhaile Átha Cliath agus maidir le hathaontú teaghlaigh laistigh de nós imeachta Bhaile Átha Cliath, agus eisíodh bileoga eolais ina raibh faisnéis cothrom le dáta maidir le haistrithe Bhaile Átha Cliath.

Tháinig torthaí dearfacha as na bearta éagsúla, cuir i gcás ó thaobh feabhas a chur ar chumarsáid i measc aonaid Bhaile Átha Cliath, bacainní i gcur chun feidhme aistrithe Bhaile Átha Cliath a shárú, acmhainní a mhéadú chun nósanna imeachta Bhaile Átha Cliath a fheabhsú agus comhlíonadh dhlí an Aontais agus rialuithe ón gcúirt a neartú. Chuir an Coimisiún Eorpach roinnt dea-chleachtas ó thíortha AE+ i láthair i ndoiciméad oibre a foilsíodh ag deireadh 2023.

Bhí go leor d'aonaid Bhaile Átha Cliath fós faoi bhrú in 2023 mar gheall ar an méadú ar líon na n-iarratasóirí. Faoina phleananna oibríochtúla, chuir EUAA tacaíocht ar fáil d'aonaid Bhaile Átha Cliath i roinnt Ballstát. Tháinig laghdú ar thionchar an ionraidh ar an Úcráin ar aonaid Bhaile Átha Cliath i gcomparáid le 2022 ach lean sé de dhifear a dhéanamh do na cúraimí agus don ualach oibre in go leor aonad.

Thug CBAE roinnt réamhrialuithe maidir le léirmhíniú Rialachán Bhaile Átha Cliath III, mar a rinneadh sna blianta roimhe sin. Thug go leor tíortha AE+ dá n-aire gur ardaíodh ceisteanna praiticiúla breise le cur chun feidhme roinnt de na breithiúnais sin – cuir i gcás Cásanna Uamtha C-323/21, C-324/21 agus C-325/21 – agus b'ardáin úsáideacha a bhí sa phlé a rinneadh laistigh de Choiste Teagmhála an Choimisiúin Eorpaigh nó de líonraí EUAA chun teacht ar réitigh ar na dúshláin sin.

De réir sonraí sealadacha a mhalartaítear go rialta idir EUAA agus 29 dtír AE+, eisíodh 176 000 cinneadh in 2023 mar fhreagairt ar iarrataí amach Bhaile Átha Cliath. B'ionann sin agus méadú 8 % i gcomparáid le 2022, a bhí mar thoradh air an t-iomlán bliantúil ab airde ó 2016 ar a

laghad. Bhí líon na gcinntí míosúla faoi Bhaile Átha Cliath fós os cionn 14 000 idir mí Iúil agus mí na Samhna 2023 mar thoradh ar an méadú ar iarratais ar thearmann i dtíortha AE+ le linn na tréimhse céanna.

Ar an iomlán, ba é 15 % cóimheas bliantúil na gcinntí a fuarthas i dtaobh iarrataí Bhaile Átha Cliath le hiarratais ar thearmann a taisceadh, cosúil le 2022. Cé gur bhain roinnt cinntí maidir le hiarrataí Bhaile Átha Cliath le cásanna athaontaithe teaghlaigh, tugann an cóimheas seasmhach idir cinntí agus iarratais le fios gur aistríodh in 2023 líon méadaithe iarrthóirí tearmainn ón gcéad tír isteach go tír eile chun iarratas nua a chur isteach (dá ngairtear gluaiseachtaí tánaisteacha), rud a imríonn tionchar ar líon na gcásanna tearmainn ar an iomlán.

Ar leibhéal na tíre, lean an Ghearmáin agus an Fhrainc de bheith ag fáil an líon ba mhó cinntí mar fhreagairt ar a n-iarrataí, arb ionann iad i gcomhpháirt agus thart ar thrí chúigiú den iomlán AE+. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, d'eisigh an Iodáil an chuid is mó de na cinntí a bhain le hiarrataí Bhaile Átha Cliath. Den chéad uair riamh, áfach, tháinig an Chróit chun cinn mar an dara tír, toisc gur tháinig méadú faoi thrí nach mór ar na cinntí a d'eisigh sí i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

In 2023, bhí ráta glactha 72 % ann le haghaidh cinntí mar fhreagairt ar iarrataí Bhaile Átha Cliath, rud a chiallaíonn sciar na gcinntí dearfacha (go sainráite nó go hintuigthe) le haghaidh iarratas as na cinntí uile a eisíodh. B'ionann é sin agus 12 phointe céatadáin ní b'airde ná mar a bhí in 2022, rud a mhéadaigh go dtí an líon ba mhó ó bhí 2017 ann.

D'fhan líon na n-aistrithe Bhaile Átha Cliath a cuireadh chun feidhme (15 000) cobhsaí i gcomparáid le 2022, ach fós bhí sé i bhfad faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh COVID-19 (breis is dhá chúigiú ní ba lú ná mar a bhí in 2019). Cuireadh isteach go páirteach ar chur chun feidhme aistrithe Bhaile Átha Cliath mar gheall ar an mbrú méadaithe ar údaráis tearmainn agus ghlactha mar gheall ar an méadú mór a tháinig ar líon na n-imirceach neamhrialta i rith na bliana.

Rinneadh Airteagal 17(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III a agairt thart ar 7 500 uair in 2023, ag méadú faoi thrí chúigiú ó 2022 go dtí an líon ba mhó le cúig bliana. Is clásal lánroghnach é Airteagal 17(1), a cheadaíonn do Bhallstát scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát, fiú mura bhfuil sé freagrach as scrúdú den sórt sin faoi na gcritéar atá leagtha síos sa rialachán.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil:**
**https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-32-dublin-procedure**

## 3.3. Nósanna imeachta speisialta chun riachtanais chosanta a mheas

Nuair a bhíonn scrúdú á dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ag an gcéad chéim, féadfaidh Ballstáit, faoi dhálaí áirithe, úsáid a bhaint as nósanna imeachta speisialta – amhail nósanna imeachta brostaithe, nósanna imeachta teorann nó nósanna imeachta tosaíochta – fad is atáthar ag cloí leis na prionsabail agus na ráthaíochtaí bunúsacha atá leagtha amach i ndlí an Aontais.

I measc na bhforbairtí reachtacha a bhain le nósanna imeachta teorann in 2023 bhí tograí maidir leis an nós imeachta a thabhairt isteach den chéad uair, maille le tograí maidir le hathruithe ar na coinníollacha chun an nós imeachta a chur i bhfeidhm agus athruithe ar an gcúirt inniúil um achomhairc a scrúdú. Leasaigh roinnt tíortha AE+ a liostaí de thíortha sábháilte tionscnaimh agus a gcuid ainmniúchán mar thríú tíortha sábháilte, agus thosaigh tíortha eile ag obair ar liostaí den sórt sin a ghlacadh. Bhí an tarchur a rinne Comhairle Stáit na Gréige maidir le hainmniú na Tuirce mar thríú tír shábháilte fós gan chinneadh ag CBAE in 2023, agus chuir an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine bearta eatramhacha ar fáil d'iarratasóirí ar measadh ina leith gur thríú tír shábháilte í an Tuirc dóibh.

Iarratais a taisceadh tar éis gluaiseachtaí tánaisteacha, lean siad de bheith ina gcúis le cinntí neamh-inghlacthachta, agus bhí coinne leis go rialódh CBAE in 2024 maidir le próiseáil iarratas taiscthe ag daoine a fuair cosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile ach nárbh fhéidir a aistriú ar ais mar gheall ar bhaol go gcaithfí go mídhaonna nó go táireach leo.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil: https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-33-special-procedures-assess-protection-needs**

## 3.4. Iarratais ar thearmann a phróiseáil ag an gcéad chéim



Rinne tíortha AE+ roinnt gníomhaíochtaí chun freagairt don líon méadaithe iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Tugadh isteach roinnt athruithe reachtacha atá beartaithe chun dlús breise a chur leis an nós imeachta tearmainn, mar aon le modhanna oibre nua, beartais tosaíochta agus baill foirne bhreise a earcú chun an líon cinntí a rinneadh a uasmhéadú. Bhain na Ballstáit triail as athruithe ar an nós imeachta freisin chun fad an agallaimh phearsanta a laghdú. Thug roinnt tíortha AE+ córais faisnéise nua isteach nó chuir siad tús le tionscadail chun a gcórais a dhigitiú. Rinne údaráis chinntitheacha obair leantach ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscnaimh measúnaithe cáilíochta roimhe seo, chuir siad tuilleadh oiliúna ar fáil don fhoireann agus chuir siad tús le próisis athbhreithnithe cáilíochta nua le haghaidh nósanna imeachta agus cinntí céadchéime.

Lean eagraíochtaí neamhrialtasacha d'ábhair imní a chur in iúl maidir le moilleanna ar agallaimh phearsanta a sceidealú, easpa oiliúna d'oifigigh a dhéanann agallaimh agus fad na nósanna imeachta tearmainn. Chuir UNHCR a sheasamh in iúl freisin maidir le seachtrú nósanna imeachta tearmainn, ós rud é gur mheas roinnt Ballstát in 2023 iarrthóirí tearmainn a aistriú chuig tríú tíortha chun a n-éilimh ar thearmann a phróiseáil. Sainaithníodh úsáid na hintleachta saorga san imirce mar ábhar imní freisin.

**Cinntí agus dúnadh cásanna ag an gcéad chéim**

In 2023, d'eisigh tíortha AE+ thart ar 677 000 cinneadh céadchéime, an líon ba mhó ó 2017. Don dara bliain as a chéile, lean an Ghearmáin den líon ba mhó cinntí a eisiúint i measc thíortha AE+ (thart ar 219 000, arb ionann iad agus aon trian den iomlán AE+). Ina dhiaidh sin bhí an Fhrainc (133 000) agus an Spáinn (90 000). D'eisigh na trí thír sin dhá thrian de na cinntí céadchéime uile go comhpháirteach. Bhí difríochtaí sna treochtaí, ámh: cé gur thaifead an Ghearmáin an dearbhmhéadú cinnteoireachta ba mhó i measc thíortha AE+ i gcomparáid le

2022 (méadú 21 000), tharla a mhalairt sa Spáinn (laghdú 13 000). Idir an dá linn, bhí an chinnteoireacht cobhsaí sa Fhrainc.

Don tríú bliain as a chéile, eisíodh formhór na gcinntí maidir le hiarratais curtha isteach ag Siriaigh (132 000 cinneadh) agus ag Afganastánaigh (89 000 cinneadh), arb ionann é sin i gcomhpháirt agus aon trian de na cinntí uile AE+. Chonacthas dearbhmhéaduithe suntasacha ar chinntí a eisíodh do náisiúnaigh: na Tuirce (38 000 cinneadh céadchéime), Veiniséala (45 000), Mharacó (16 000), na Seoirsia (23 000), na Rúise (10 000), Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (11 000), na hEiritré (12 000) agus na hÚcráine (10 000).


Níl sna cinntí maidir le hiarratais ar thearmann ach bealach amháin chun cás tearmainn a dhúnadh. Cuireann scor agus dúnadh cásanna eile leis an eis-sreabhadh foriomlán ag an gcéad chéim freisin. Dá bhrí sin, in 2023, shroich líon foriomlán na gcásanna a d’fhág an córas tearmainn ag an gcéad chéim (lena gcomhcheanglaítear cinntí céadchéime, scor tar éis aistarraingtí agus dúnadh eile) an leibhéal ab airde le sé bliana anuas (thart ar 863 000).

Chun an leibhéal brú ar chórais náisiúnta tearmainn a léiriú go cruinn, ba cheart líon na n-iarratas a thaisctear (insreabhadh) a chur taobh le gach dúnadh cáis (eis-sreabhadh). Léirítear ar an dóigh sin go raibh an bhearna idir insreabhadh na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus eis-sreabhadh na gcásanna a d’fhág an córas tearmainn ag an céad chéim fós ar an mbearna ba mhó le cúig bliana anuas. Is é sin le rá, in 2023, shúigh an córas tearmainn ag an gcéad chéim thart ar 280 000 cás ní ba mhó ná mar a d’éirigh leis a phróiseáil. Ba mhéadú 66 % é sin ar charnadh líon na gcásanna ó 2022, rud a chuidigh le leanúint leis an treocht atá le feiceáil ó lár 2021 i leith inar sháraigh an t-insreabhadh an t-eis-sreabhadh go comhsheasmhach.

### Cásanna ar feitheamh ag an gcéad chéim

Mar thoradh ar an mbearna a bhí ag leathnú go leanúnach idir iarratais agus dúnadh cásanna, bhí an líon ab airde cásanna ar feitheamh le hocht mbliana anuas, sa dara háit ach amháin ar na leibhéil a taifeadadh in 2015 *(féach Fíor 2)*.

**Fíor 2: Líon na gcásanna ar feitheamh ag an gcéad chéim i dtíortha AE+ ag deireadh na bliana, 2015-2023**




**Tabhair do d’aire:** Ní raibh sonraí ar fáil don Phortaingéil le haghaidh na tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag 2023.
*Foinse:* Sonraí EUAA EPS amhail ón 1 Feabhra 2024.

Ag deireadh 2023, bhí thart ar 883 000 cás ag feitheamh le cinneadh ag an gcéad chéim (méadú dhá chúigiú ó dheireadh 2022). Bhain an líon cásanna le raon saoránachtaí, ach bhain an líon ba mhó díobh le Siriaigh agus le Turcaigh. Bhí leath de na cásanna uile AE+ ar feitheamh ar feadh ní ba mhó ná sé mhí.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil: https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-34-processing-asylum-applications-first-instance**

## 3.5. Iarratais ar thearmainn a phróiseáil ag an dara céim nó ag céim níos airde

In 2023, dhírigh forbairtí ag an dara céim ar an gceart chun rochtain a fháil ar an nós imeachta achomhairc agus ar na comhlachtaí inniúla ar cheart dóibh achomharc a scrúdú ag brath ar na himthosca. Bhí raon feidhme na n-achomharc i gcásanna cosanta idirnáisiúnta (lena n-áirítear an ceanglas scrúdú *ex nunc* a sholáthar ar fhíorais agus ar phointí dlí araon) agus éifeacht fionraíochta achomhairc ina n-ábhar d'athruithe reachtacha agus d'athbhreithniú breithiúnach. Neartaigh roinnt tíortha a ndlíthe maidir leis an gceart chun éisteachta os comhair comhlacht achomhairc, agus leag roinnt breithiúnas béim ar a thábhachtaí atá an chosaint nós imeachta sin ar achomharc. Ina theannta sin, leag na cúirteanna béim ar an ngá atá lena chinntiú go bhféadfaí ateangaire, agallóir nó breitheamh comhghnéis a chur ar fáil ar achomharc.

Mar a tharlaíonn gach bliain, chuir comhlachtaí achomhairc an scrúdú ar chásanna achomhairc ar fionraí i gcás próifílí sonracha iarratasóirí (mar shampla i gcás iarratasóirí ó Stráice Gaza agus ón tSúdáin) mar gheall ar an staid leanúnach. Thug tíortha treoirlínte cothrom le dáta freisin bunaithe ar fhorbairtí i dtíortha tionscnaimh.

Bhí fad na n-achomharc tearmainn ina ábhar imní do na húdaráis náisiúnta, agus d'áitigh eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar roinnt tíortha AE+ cinneadh a dhéanamh laistigh de theorainneacha ama réasúnta. Leanadh de dhigitiú achomharc i gcásanna cosanta idirnáisiúnta le linn 2023 trí chianéisteachtaí.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil: https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-35-processing-asylum-applications-second-or-higher-instances**

## 3.6. Glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta

Leanadh de dhúshláin ó bhlianta roimhe sin in 2023 nuair a glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Bhí na húdaráis ghlactha i bhformhór thíortha AE+ fós buartha faoi chóiríocht oiriúnach a chur ar fáil do gach iarratasóir, ós rud é gur tuairiscíodh easpa dídine, drochdhálaí maireachtála nó dálaí maireachtála faoi bhun an chaighdeáin, agus gur mhinic a bhí eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí náisiúnta um chearta an duine, ombudsmain agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta in ann seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil. Leanadh de thionchar diúltach a imirt ar iarratasóirí a bhfuil riachtanais agus leochaileachtaí speisialta acu de bharr na staide, amhail leanaí, mná, iarratasóirí LADTIA nó iarratasóirí faoi mhíchumas fisiceach agus meabhrach

*(féach Cuid 4).* Iarradh go minic ar chúirteanna rochtain ar dhálaí glactha ábharacha agus coinníollacha díniteacha a áirithiú do gach iarratasóir.

Chomh maith le haghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha, lean údaráis náisiúnta i roinnt tíortha dá n-iarracht réitigh struchtúracha a fháil chun córais ghlactha sholúbtha agus inbhuanaithe a áirithiú. Is éard a bhí i gceist leis sin athruithe, mar shampla, ar an leagan amach institiúideach, ar struchtúr cistiúcháin agus ar chomhaontuithe comhair le páirtithe leasmhara eile. Bhí tábhacht ní ba mhó ag baint le hinbhuanaitheacht comhshaoil saoráidí toisc go raibh ar chórais ghlactha déileáil leis an éileamh méadaithe agus le costais fuinnimh ní b’airde, mar a shonraítear i nuashonrú staide tiomnaithe EUAA .

Spreag an brú ar an gcóras glactha an t-athbhreithniú agus cur i bhfeidhm ní ba dhéine na rialacha maidir le teidlíocht i leith dálaí glactha. Soiléiríodh deireadh an ghlactha go ginearálta le hathruithe ar an reachtaíocht. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, is minic a bhí an t-eis-sreabhadh ó ionaid ghlactha marbhánta nó moillithe fiú, toisc go raibh dúshláin roimh thairbhithe aitheanta de chosaint idirnáisiúnta maidir lena gcóiríocht féin a aimsiú sa mhargadh príobháideach. Bhí sé d’aidhm ag tograí beartais an t-aistriú sin a éascú agus rochtain níos tapúla ar mhargadh an tsaothair a cheadú.

Cé gur dócha go mbeidh dúshláin fós ann, ní mór d’údaráis náisiúnta leanúint de réitigh sholúbtha agus inbhuanaithe a lorg sa ghlacadh chun oiriúnú go héifeachtúil do líon agus do phróifílí athraitheacha na n-iarratasóirí agus na gcónaitheoirí glactha.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil: https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-36-reception-applicants-international-protection**

## 3.7. Gnéithe den choinneáil a bhaineann le hiarratasóirí agus le hiar-iarratasóirí

In 2023, lean institiúidí faireacháin agus breithiúnacha idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta de ghrinnscrúdú géar a dhéanamh ar chleachtais agus ar dhálaí coinneála. Cuireadh dlús leis an bplé poiblí maidir le daoine a thagann ar bhealach neamhrialta a choinneáil ag an teorainn agus maidir leis an bhféidearthacht atá acu rochtain a fháil ar an nós imeachta tearmainn nó comhairleoireacht agus comhairle dlí a fháil. Ba mhinic a chuir eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta síos ar na dálaí coinneála ag an teorainn mar dhálaí scáfara. D’eisigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine cinntí maidir le cásanna ó bhlianta roimhe sin inar cáineadh na coinníollacha agus na cleachtais sin ag an teorainn. Rialaigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine agus na cúirteanna náisiúnta freisin i gcoinne coinneáil iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, go háirithe leanaí.

De ghnáth, leathnaigh tíortha AE+ na forais chun eachtrannaigh a choinneáil, lenar áiríodh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, agus mhéadaigh siad fad féideartha na coinneála inimirce. I measc na n-athruithe reachtacha i roinnt tíortha bhí an fhéidearthacht iarratasóir atá i mbaol éalú a choinneáil agus é ag fanacht le haistriú chuig tír eile AE+ faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

I measc na bpríomhthéamaí sa phlé beartais bhí coinneáil eachtrannach ar feitheamh fillte, cur i bhfeidhm phrionsabal an *non-refoulement* i gcásanna den sórt sin agus an fhéidearthacht iarbhír cinntí um fhilleadh a chur chun feidhme. Léiríodh na réimsí sin go flúirseach freisin i bhforbairtí dlí-stuamachta in 2023.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil: https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-37-aspects-detention-involving-asylum-applicants-and-former-applicants**

## 3.8. Rochtain ar fhaisnéis



Lean údaráis náisiúnta agus páirtithe leasmhara eile de bheith ag féachaint le faisnéis a chur ar fáil ar bhealach ní b'éasca agus i bhformáidí agus i dteangacha éagsúla. Chuir roinnt tíortha faisnéis shaincheaptha ar fáil do lucht féachana ar leith, amhail mioniarratasóirí agus daoine easáitithe ón Úcráin.

Sheol roinnt tíortha feachtais faisnéise a bhí dírithe ar náisiúnaigh ó thíortha ina bhfuil rátaí ísle aitheantais a dhíspreagadh ó thabhairt faoi thurais chontúirteacha chuig an Aontas ionas nach ndiúltófaí dá n-iarratas. Dhírigh roinnt eile acu ar fheasacht a mhúscailt i measc iarratasóirí ar diúltaíodh dóibh maidir leis an bhféidearthacht filleadh go deonach ar an tír thionscnaimh.

Tar éis roinnt blianta oibre, sheol EUAA tairseach chuimsitheach nua, Let's Speak Asylum [Labhraímis faoin Tearmann], ina bhfuil modheolaíocht mholta agus uirlisí praiticiúla ar fáil do pháirtithe leasmhara atá ag obair ar sholáthar faisnéise sa chóras tearmainn.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil: https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-38-access-information**

## 3.9. Cúnamh dlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil



In 2023, lean tíortha AE+ dá ndícheall a dhéanamh feabhas a chur ar rochtain ar chúnamh dlíthiúil agus ar cháilíocht an chúnaimh sin ag gach céim den nós imeachta tearmainn. I measc na bhforbairtí bhí athruithe institiúideacha, oiliúint speisialaithe do sholáthraithe agus leasú a dhéanamh ar na critéir incháilitheachta chun oibriú mar sholáthraí cúnaimh dlí i réimse na cosanta idirnáisiúnta.

Mar sin féin, tuairiscíodh dúshláin maidir le rochtain a fháil ar chúnamh dlíthiúil, go háirithe ag na teorainneacha nó in ionaid choinneála. Mar shampla, ardaíodh an easpa cumarsáide le dlíodóir agus ceart chun cúnaimh dhlíthiúil, le fírinne, d'iarrthóirí tearmainn atá faoi choinneáil laistigh d'fhóraim éagsúla. Leasaigh roinnt tíortha forálacha náisiúnta chun an ceart atá ag iarrthóirí tearmainn atá faoi choinneáil a bheith i dteagmháil le baill teaghlaigh, le comhairleoirí dlí agus le heagraíochtaí ábhartha a threisiú.

Agus daoine easáitithe fós ag teacht ón Úcráin, lean roinnt tíortha AE+ d'fhaisnéis dhlíthiúil agus de chúnamh a chur ar fáil maidir leis an nós imeachta cosanta sealadaí.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil: https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-39-legal-assistance-and-representation**

## 3.10. Seirbhísí ateangaireachta

In 2023, rinne údaráis náisiúnta, cúirteanna agus binsí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus soláthraithe seirbhíse iarrachtaí rochtain ar nósanna imeachta tearmainn agus ar an gcóras glactha a fheabhsú agus cáilíocht na hateangaireachta iontu a mhéadú. Ar fud thíortha AE+, bhí riachtanais ateangaireachta ag dul i méid mar thoradh ar iarratais a bhí ag dul i méid. I roinnt tíortha, ina raibh próifílí na n-iarratasóirí fós cosúil le próifílí na mblianta roimhe sin, níor tháinig aon riachtanais nua shuntasacha chun cinn. I dtíortha, áfach, a fuair iarratasóirí a raibh próifílí éagsúla acu, tugadh faoi deara go raibh dúshláin bhreise ann maidir le seirbhísí ateangaireachta éifeachtacha a sholáthar. Ar an iomlán, bhí tionchar fós ag ganntanais i dteangacha áirithe, ag neamh-infhaighteacht na hateangaireachta le haghaidh seirbhísí áirithe agus ag caighdeáin ilchineálacha ar chearta nós imeachta na n-iarratasóirí agus ar rochtain ar sheirbhísí, amhail cúram sláinte.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil: https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-310-interpretation-services**

## 3.11. Faisnéis faoin tír thionscnaimh

Bhí na príomhfhorbairtí i dtáirgeadh faisnéise faoin tír thionscnaimh (COI) in 2023 dírithe ar mhodheolaíochtaí a fheabhsú, lenar áiríodh trí thuairisciú a chaighdeánú; comhar a fheabhsú trí chreataí déthaobhacha, idirnáisiúnta agus Eorpacha, chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta; inrochtaineacht ar COI a mhéadú trí thuarascálacha agus acmhainní a chur ar fáil go poiblí; agus raon feidhme na faisnéise a leathnú trí aghaidh a thabhairt ar réimsí sonracha ar bhealach ní ba mhionsonraithe.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, lean aonaid COI de bheith ag díriú ar chuid de na tíortha tionscnaimh is coitianta d'iarratasóirí tearmainn san Eoraip, eadhon an Afganastáin, an tSiria agus an Iaráic. Rinne tíortha AE+ faireachán freisin ar fhorbairtí i Meiriceá Laidineach, de réir mar a tháinig méadú ar an spéis sa réigiún. Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, tá méadú suntasach tagtha ar an staid slándála sa Rúis agus san Úcráin. Lean an treocht sin ar aghaidh in 2023, agus tháirg aonaid náisiúnta COI aschuir ar an dá thír, tar éis misin aimsithe fíoras freisin, nuair ab fhéidir.

I measc na ndúshlán tuairiscithe i réimse an táirgthe COI bhí ganntanas foirne, easpa inrochtaineachta ar fhaisnéis faoi na forbairtí is déanaí mar gheall ar choinbhleacht, ábhair imní slándála agus rochtain theoranta ar thíortha a bhfuil rialtais fhorlámhacha acu, agus méadú ar iarrataí práinneacha a chuireann brú ar na hacmhainní atá ar fáil.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil: https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-311-country-origin-information**

## 3.12. Cásanna daoine gan stát i gcomhthéacs an tearmainn

I gcomhthéacs an tearmainn, d'fhéadfadh cásanna daoine gan stát difear a dhéanamh don phróiseas cinnteoireachta maidir le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus do choimircí nós imeachta an iarratasóra. In 2023, bhí tábhacht ag gabháil fós le daoine gan stát ar chlár oibre an Aontais. B'amhlaidh an cás go háirithe ós rud é go raibh breithnithe a bhain le daoine gan stát ábhartha do dhá mhórlimistéar coinbhleachta in 2023, eadhon an Phalaistín agus an Úcráin.

In 2023, rinne daoine gan stát thart ar 2 300 iarratas ar thearmann i dtíortha AE+, rud atá ag teacht le 2022. I rith na bliana, eisíodh beagán os cionn 1 200 cinneadh ag an gcéad chéim chuig iarratasóirí gan stát i dtíortha AE+. Ba é 53 % ráta aitheantais na n-iarratasóirí gan stát in 2023, ráta a bhí sách cosúil leis an ráta a bhí ann le blianta beaga anuas ach i bhfad ní b'ísle ná mar a bhí le linn ghéarchéim na ndídeanaithe 2015-2016 (nuair a bhí beagnach naoi gcinneadh as deich dearfach). Ag deireadh 2023, bhí 1 900 cás d'iarratasóirí gan stát ar feitheamh ag an gcéad chéim.

Bhí sé d'aidhm ag roinnt forbairtí reachtacha aitheantas a mhéadú agus a áirithiú go gcosnófar cearta daoine gan stát, lena n-áirítear iarrthóirí tearmainn gan stát agus tairbhithe cosanta idirnáisiúnta, chomh maith lena leanaí. I bhfianaise forbairtí dearfacha, chuir eagraíochtaí na sochaí sibhialta i dtábhacht gur ghá tuilleadh oibre a dhéanamh chun cearta daoine gan stát a shainaithint agus a chosaint go hiomlán.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil:** **https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-312-statelessness-context-asylum**

## 3.13. Inneachar cosanta

Tagraíonn inneachar cosanta do na cearta a bhfuil tairbhithe de chineál cosanta ina dteideal i dtír dhídine, chomh maith leis na hoibleagáidí gaolmhara. Bronntar an chosaint nuair a fhaigheann iarratasóirí cinneadh dearfach lena dtugtar stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí dóibh (dá ngairtear stádais chomhchuibhithe AE freisin). Tagraíonn an ráta aitheantais don líon torthaí dearfacha mar chéatadán den líon iomlán cinntí maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta. Cé go dtugann cineálacha náisiúnta cosanta stádas cosanta do náisiúnaigh tríú tír, de ghnáth ní chuirtear na stádais sin – nach bhfuil comhchuibhithe ar fud thíortha AE+ – san áireamh agus an ráta aitheantais á ríomh.

In 2023, mhéadaigh an ráta aitheantais ag an gcéad chéim le haghaidh cineálacha cosanta atá rialáilte ag an Aontas go 43 %, ráta atá á mhéadú don tríú bliain as a chéile. Ba é sin an ráta ab airde ó bhí 2016 ann (nuair a bronnadh stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí i gcás 57 % de chinntí). Ba iad na rátaí aitheantais méadaithe d'Afganastánaigh, d'Iarácaigh, do Phalaistínigh agus d'Úcránaigh agus tuilleadh cinntí a eisíodh do Shiriaigh ba chúis leis an méadú sin den chuid is mó. San iomlán, bronnadh stádas dídeanaí i gcás 54 % de na cinntí dearfacha uile, agus bronnadh stádas cosanta coimhdí i gcás 46 % díobh.

Lasmuigh de stádais atá rialáilte ag an Aontas, is fiú a thabhairt faoi deara gur tugadh cineál náisiúnta cosanta do ní ba mhó ná an ceathrú cuid de na cinntí diúltacha maidir le stádais atá rialáilte ag an Aontas, rud a chuir údaruithe fanachta ar fáil ar chúiseanna daonnúla.

Ar na náisiúntachtaí a raibh na rátaí aitheantais ab airde acu in 2023, bhí Siriaigh (94 %), Úcránaigh (92 %), Palaistínigh (87 %), Éiminigh (84 %), Eiritréigh (83 %) agus Bealarúisigh (81 %).

Braitheann ionchais a n-imeascadh éifeachtach sa tsochaí óstach ar mhéid agus ar cháilíocht na gceart agus na seirbhísí a fhaigheann tairbhithe cosanta. In 2023, dhírigh athruithe reachtacha agus beartais ar athaontú teaghlaigh agus ar chineálacha náisiúnta cosanta, agus lean roinnt tíortha AE+ de bheartais agus de straitéisí lánpháirtíochta a fhorbairt a bhí curtha in oiriúint do phróifílí coiteanna tairbhithe cosanta sna tíortha faoi seach, le tacaíocht ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Dhírigh roinnt tionscnamh ar nósanna imeachta riaracháin a éascú a úsáideann tairbhithe cosanta chun rochtain a fháil ar chearta gaolmhara.

Spreag comóradh fiche bliain ó tháinig an Treoir um Athaontú Teaghlaigh i bhfeidhm foilseacháin agus moltaí chun a cur chun feidhme a fheabhsú. Lean CBAE agus na cúirteanna náisiúnta de threoir a thabhairt maidir lena cur i bhfeidhm praiticiúil, agus rialacha gaolmhara maidir lena raon feidhme agus lena chritéir á soiléiriú aige.

Dhírigh roinnt tionscnamh ar rialacha agus critéir a bhunú nó a choigeartú le haghaidh cineálacha náisiúnta cosanta. Chun creat dlíthiúil a sheachaint, bhronn roinnt tíortha AE+ ceadanna cónaithe bunaithe ar chúinsí daonnúla nó leighis mar iarracht d’fhonn leas an linbh nó prionsabal an *non-refoulement* a choimirciú.

Ar ndóigh, dhírigh go leor tionscnamh lánpháirtíochta in 2023 ar thairbhithe cosanta sealadaí, lena n-áirítear tacaíocht chun rochtain a fháil ar oideachas agus ar oiliúint teanga. Bhí ról lárnach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le seirbhísí ábhartha a chur ar fáil agus iarrachtaí na n-údarás ar leibhéal an phobail a chomhlánú.

I measc na ndúshlán a tuairiscíodh, tugadh faoi deara gur chruthaigh srianta nó easpa roghanna malartacha ar thithíocht shóisialta agus ganntanas tithíochta ar chostas íseal i margaí áitiúla bacainní do thairbhithe cosanta idirnáisiúnta cóiríocht a fháil.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil: https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-313-content-protection**

## 3.14. Athlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil

Rinne tíortha AE+ a ndícheall a ngealltanais athlonnaithe a chomhlíonadh in 2023, agus aghaidh á tabhairt acu ag an am céanna ar dhúshláin ar leith ar an leibhéal náisiúnta. Ba ghá tosaíochtaí a atheagrú i ngeall ar ghanntanas áiteanna cóiríochta chun dídeanaithe athlonnaithe a óstáil. Ag an am céanna, bhuail cásanna éigeandála tríú tíortha ina raibh dídeanaithe i mbaol ag fanacht le haistriú, amhail an crith talún sa Tuirc.

San iomlán, tháinig thart ar 15 000 duine ó thríú tíortha isteach sa limistéar AE+ in 2023 i gcomhthéacs an athlonnaithe nó an ligin isteach ar fhoras daonnúil. Ba é sin an líon ab ísle ó

bhí 2016 ann, cé is moite de 2020, nuair a cuireadh bac mór ar aistrithe mar gheall ar phaindéim COVID-19.

Bhí ról lárnach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta fós lárnach i gcur chun feidhme an athlonnaithe agus conairí comhlántacha, lena n-áirítear cláir um ligean isteach ar fhoras daonnúil. Bhí eagraíochtaí na sochaí sibhialta rannpháirteach i dtarchur dídeanaithe, rannchuidigh siad le rath aslonnuithe dídeanaithe atá i mbaol agus thacaigh siad le haistriú sábháilte dídeanaithe roghnaithe, ag brath ar na comhaontuithe a síníodh le tíortha AE+. Bhí a ról i soláthar seirbhísí glactha, go háirithe tithíocht, ríthábhachtach chun brú ar chórais ghlactha i roinnt tíortha a mhaolú.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil: https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-314-resettlement-and-humanitarian-admissions**

# 4. Leanaí agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu sa nós imeachta tearmainn



In 2023, thuairiscigh roinnt tíortha AE+ líon ard leanúnach iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, ó iarratasóirí faoi mhíchumas fisiceach nó meabhrach go híospartaigh foréigin inscnebhunaithe agus leanaí a thagann chuig an Aontas ina n-aonar. I gcomhthéacs ginearálta na moilleanna minice sa nós imeachta tearmainn agus sna córais ghlactha sháithithe, lean rialtais de réitigh a lorg chun dálaí díniteacha agus slándáil a áirithiú do na daoine is leochailí. In amanna, d'fhág athruithe reachtacha agus beartais go rabhthas in ann maolú ar chaighdeáin ní b'airde, agus tá béim leagtha ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta béim ar na rioscaí a bhaineann leis sin san fhadtéarma.

Bhí deacrachtaí ag údaráis i dtíortha ina bhfuil líon ard daoine ag teacht isteach go comhuaineach riachtanais speisialta a shainaithint agus a mheasúnú go hiomchuí. Chuir breithiúnais ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine a fógraíodh in 2023 – ag tagairt do chásanna sa tréimhse ó 2018 go 2020 – i gcuimhne go bhféadfadh bearnaí sa tsainaithint agus sa tacaíocht d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu tionchar drámatúil a imirt ar a saol. Ina theannta sin, léirigh taighde EUAA bearnaí suntasacha sonraí toisc nach ndéanann tíortha AE+ sonraí maidir le leochaileachtaí a bhailiú ná a chlárú go ginearálta, mar gheall ar ábhair imní maidir le cosaint sonraí den chuid is mó, agus mar sin ní furasta é na cineálacha míchumais ná na leochaileachtaí is coitianta a bhraitear i measc iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a shainaithint.


I mí Dheireadh Fómhair 2023, tháinig Coinbhinsiún Iostanbúl i bhfeidhm i leith an Aontais, lena n-áirítear na forálacha a bhaineann le tearmann agus *non-refoulement*. Ar leibhéal na tíre, díríodh na hiarrachtaí ar fhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc agus ar thacaíocht a thabhairt d'íospartaigh an fhoréigin ar mná iad. Léirigh mapálacha cuimsitheacha go leor bearnaí fós sna córais tearmainn agus ghlactha, rud a chuir sábháilteacht na mban agus na gcailíní i mbaol. Rinne na cúirteanna na bearnaí sin agus an tionchar díobhálach a bhí acu a ghabháil agus a bhreithniú freisin.

Rinne na húdaráis náisiúnta iarrachtaí feabhas a chur ar fhreagrúlacht na gcóras tearmainn agus glactha do riachtanais iarratasóirí a bhfuil SOGIESC éagsúil acu. Faisnéis chruinn thráthúil faoin tír thionscnaimh atá dírithe ar staid daoine LADTIA chun measúnú ceart a dhéanamh ar a gcás. Chuige sin, in 2023, nuashonraigh EUAA a Threoir Thaighde COI maidir le LADTIA chun cabhrú le cleachtóirí. Ag an dara céim, is minic a sheas na cúirteanna isteach i gcinntí diúltacha céadchéime agus a chuir siad ar ceal iad chun cosaint a áirithiú do phróifíl sin na n-iarratasóirí.

Ós rud é gur mná agus leanaí a bhí i bhformhór na ndaoine a bhí ag lorg cosaint shealadach san Eoraip, lean breithnithe a bhain le gáinneáil ar dhaoine de bheith suntasach i measc thíortha AE+, rud a spreag tuilleadh beart coisctheach agus cosanta in 2023. Tar éis an togra ón gCoimisiún Eorpach ó mhí na Nollag 2022 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Frithgháinneáil, ghlac Parlaimint na hEorpa a sainordú don chaibidlíocht leis na Ballstáit, sainordú ar cuireadh tús leis i mí na Samhna 2023 leis an gComhairle Eorpach. Ina dhiaidh sin, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú neamhfhoirmiúil i mí Eanáir 2024 maidir le raon feidhme na Treorach atá ann faoi láthair a leathnú. Ar an leibhéal náisiúnta, thug tíortha AE+ athruithe isteach chun íospartaigh na gáinneála a shainaithint, a tharchur agus a chosaint ar bhealach ní b'fhearr. Dhírigh roinnt tíortha freisin ar fhaireachán a dhéanamh ar an staid trí staidéir a choimisiúnú chun anailís a dhéanamh ar threochtaí reatha.

In 2023, fuarthas 41 000 iarratas ar thearmann ó mhionaoisigh neamhthionlactha fhéinaitheanta ar fud thíortha AE+. Bhí sé sin cosúil leis an leibhéal in 2022 (-5 %) agus ba é an dara leibhéal ab airde a taifeadadh ó bhí 2015 ann é. Bhí sciar na n-iarratas ó mhionaoiseach neamhthionlactha cobhsaí go fóill, i.e. b'ionann é agus thart ar 4 % de na hiarratais uile a taisceadh i dtíortha AE+. Tháinig sciar suntasach d'iarratasóirí mionaoiseacha ón tSiria agus ón Afganastáin, arb ionann iad i gcomhpháirt agus trí cinn as gach cúig iarratas a fuarthas ó mhionaoisigh fhéinéilithe neamhthionlactha i dtíortha AE+.

**Fíor 3: Na deich dtír AE+ is mó a fhaigheann iarratais ó mhionaoisigh fhéinéilithe neamhthionlactha, 2023 i gcomparáid le 2022 agus sciar na n-iarratas a taisceadh ag príomhshaoránacht mionaoiseach neamhthionlactha, 2023**




**Tabhair do d'aire:** Ní raibh sonraí ar fáil don Phortaingéil le haghaidh na tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag 2023.
*Foinse:* Sonraí EUAA EPS amhail ón 1 Feabhra 2024.

Tháinig laghdú ní ba mhó ná aon trian ar iarratais a tarraingíodh siar go hintuigthe ó mhionaoisigh neamhthionlactha ón mbuaicphointe in 2022, go háirithe ó mhionaoisigh neamhthionlactha Afganastánacha. Tugann sé sin le fios go bhféadfadh laghdú teacht ar ghluaiseachtaí tánaisteacha mionaoiseach neamhthionlactha laistigh de thíortha AE+.

Spreag an líon ard leanúnach iarratas ó leanaí gan tionlacan ar fud roinnt tíortha AE+ roinnt athruithe ar a nglacadh. Bhí go leor saincheisteanna fós ann agus ba mhinic a bhí na dálaí glactha do leanaí fo-optamach. Bhí sé d'aidhm ag athruithe reachtacha agus beartais dlús a chur le próisis agus tacaíocht oiriúnach a áirithiú, agus chuir eagraíochtaí neamhrialtasacha béim ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na maoluithe sin go hiarbhír.

Ina theannta sin, tuairiscíodh easpa caomhnóirí d'iarratasóirí mionaoiseacha neamhthionlactha i roinnt tíortha AE+. Chun treoir a thabhairt agus chun cuidiú le cáilíocht na seirbhísí a mhéadú, d'fhorbair an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA) lámhleabhar d'oiliúnóirí caomhnóirí a chomhlánaítear le hardán ríomhfhoghlama. Ina theannta sin, in éineacht le EUAA, forbraíodh dhá threoirleabhar phraiticiúla do chaomhnóirí mar réamheolas ar chosaint idirnáisiúnta agus ar an nós imeachta tearmainn. D'fhoilsigh FRA agus Comhairle na hEorpa treoir freisin d'oifigigh teorann agus d'údaráis eile maidir le leanaí a chosaint ag teorainneacha na hEorpa.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil: https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-4-children-and-people-special-needs-asylum-procedure**

# 5. Tacaíocht EUAA in 2023

Agus brú imirce agus riachtanais chasta chosanta fós le brath san Eoraip, leathnaigh an Ghníomhaireacht a tacaíocht oibríochtúil agus theicniúil chun aghaidh a thabhairt ar phatrúin atá ag teacht chun cinn. Mar ghníomhaí lárnach i bhfreagairt chomhchoiteann an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na milliún duine easáitithe, rannchuidigh EUAA go héifeachtach le réitigh chosanta a chur chun feidhme ar fud na hEorpa, lenar áiríodh trí chúnamh a chur ar fáil do thíortha a fhaigheann líon mór daoine easáitithe ón Úcráin.

Chun faisnéis fhianaisebhunaithe a sholáthar do raon leathan lucht féachana, lena n-áirítear lucht ceaptha beartas, lean EUAA d'fhaisnéis a bhailiú, a phróiseáil, a shintéisiú agus a anailísiú maidir le téamaí sonracha, na forbairtí is déanaí, topaicí atá ag teacht chun cinn agus réamhaisnéis i réimse an tearmainn. Tar éis sheoladh an treochláir um chóineasú ag Uachtaránacht na Fraince ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, rinne EUAA staidéar píolótach chun anailís a dhéanamh ar chleachtais chinnteoireachta maidir le héilimh ar thearmann agus ar thionscnamh na ndifríochtaí i rátaí cosanta idir na Ballstáit, go háirithe maidir le tíortha tionscnaimh ar fhorbair an Ghníomhaireacht nótaí treorach ina leith. Léiríodh sa staidéar gur eascair na héagsúlachtaí i rátaí aitheantais as idirghníomhú casta tosca éagsúla, amhail difríochtaí i gcórais náisiúnta agus i gcleachtais chinnteoireachta a n-imríonn beartais, treoir agus dlí-eolaíocht náisiúnta tionchar orthu. Tugadh chun suntais sa staidéar freisin go gcuidíonn táirgí agus gníomhaíochtaí EUAA le cóineasú i gcleachtais a bhaint amach.

Lena chois sin, rinne an Ghníomhaireacht grinnmheastóireacht ar úsáid agus ar thionchar a cuid faisnéise tíre agus táirgí treorach ina bhfuarthas amach gur úsáideadh faisnéis EUAA faoin tír thionscnaimh agus táirgí treorach tíre go forleathan, agus gur chásoifigigh go príomha a d'úsáid an fhaisnéis agus na táirgí treorach tíre, agus gur lucht ceaptha beartas den chuid ba mhó a d'úsáid an fhaisnéis agus na táirgí treorach tíre. Is é an breisluach a bhaineann le táirgí EUAA i gcomparáid le foinsí náisiúnta a n-údarásacht, úsáid chomhsheasmhach modheolaíochta déine agus leibhéal an chomhchuibhithe.

Thacaigh an oiliúint arna forbairt agus arna soláthar ag an nGníomhaireacht le cur chun feidhme praiticiúil CET trí chúnamh a thabhairt d'oifigigh thearmainn agus ghlactha feabhas a chur ar a gcuid eolais, scileanna agus neamhspleáchais chun nósanna imeachta éifeachtúla cothroma a chur chun feidhme, i gcomhréir le caighdeáin AE. San iomlán, taifeadadh ní ba mhó ná 13 000 rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oiliúna EUAA in 2023, agus cuireadh oiliúint ar ní ba mhó ná 7 500 foghlaimeoir.

Príomhréimse oibre do EUAA é cúnamh oibríochtúil agus teicniúil a chur ar fáil, go háirithe do na Ballstáit sin atá ag déileáil le brú díréireach ar a gcórais tearmainn agus ghlactha. In 2023, chuir EUAA tacaíocht oibríochtúil ar fáil do 13 Bhallstát de chuid an Aontais i roinnt réimsí ina bhféadfaí, ag brath ar riachtanais shonracha gach tíre, tacaíocht a áireamh chun acmhainneacht agus cáilíocht a mhéadú maidir le hiarratais a chlárú agus a phróiseáil ag an gcéad chéim agus ag an dara céim; i gcórais ghlactha náisiúnta; i nós imeachta Bhaile Átha Cliath; i measúnuithe leochaileachta agus maidir le cosaint a fheabhsú do mhionaoisigh neamhthionlactha; maidir le soláthar faisnéise agus bainistiú faisnéise a fheabhsú; agus i réimsí an athlonnaithe agus an athlonnaithe. Léiríodh i meastóireachtaí ar thacaíocht oibríochtúil na Gníomhaireachta a rinneadh in 2023 gur cuireadh tacaíocht ar fáil go héifeachtúil agus go raibh sreafaí oibre feabhsaithe agus acmhainneacht mhéadaithe mar thoradh orthu. Ina theannta sin, le linn 2023 lean EUAA de thacaíocht a thabhairt don ghné sheachtrach de CET trína chomhar le tríú tíortha ar bhonn treochláir dhéthaobhacha agus cláir réigiúnacha maoinithe ag an Aontas.

I mí na Bealtaine 2023, ceapadh an chéad Oifigeach um Chearta Bunúsacha (FRO) de chuid na Gníomhaireachta, a thosaigh ar Straitéis um Chearta Bunúsacha na Gníomhaireachta a fhorbairt agus sásra gearán a bhunú chun freagairt d'éilimh ar sháruithe ar chearta bunúsacha i gcomhthéacs oibríochtaí na Gníomhaireachta. Glacadh céimeanna freisin chun modheolaíocht a fhorbairt le haghaidh aonad faireacháin nua na Gníomhaireachta. Dhíreofaí ar oibriú go dlúth leis na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear oibleagáidí dlíthiúla *acquis* tearmainn an Aontais i bhfeidhm go praiticiúil; measúnú a dhéanamh ar chumas na mBallstát brú a bhainistiú; easnaimh a chosc; na teorainneacha atá ann cheana a shainaithint; agus cabhrú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu.

In 2023, bhí uachtaránacht rothlach Líonra Gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile (JHAAN) ag EUAA, agus d'oibrigh sé i gcomhar le gníomhaireachtaí eile i gcúig phríomhréimse tosaíochta:

- An digitiú; lena gcumhdaítear saincheisteanna a bhaineann le húsáid na hintleachta saorga, na bithmhéadrachta agus na hidir-inoibritheachta;
- Cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip i nGníomhaireachtaí CGB;
- Soláthar faisnéise i gcásanna imirce measctha;
- An chibearshlándáil; agus

- Cumarsáid inmheánach agus sheachtrach chun feasacht a mhéadú agus gníomhaíochtaí agus feidhmiú an líonra a chur chun cinn.

**Nasc chuig an mír sa phríomhthuarascáil: https://euaa.europa.eu/asylum-report-2024/section-5-euaa-support-2023**

# Focal scoir

In 2023, lean tíortha na hEorpa den líon ba mhó daoine riamh a raibh cosaint de dhíth orthu, de réir mar a dhreapadh iarratais ar thearmann don dara bliain as a chéile. Lean coinbhleacht, géarleanúint, sáruithe ar chearta an duine, tubaistí nádúrtha agus éiceachórais dhíghrádaithe de bheith ag cur iallach ar na milliúin daoine a mbaile a fhágáil, agus d'iarr cuid acu ar chosaint san Eoraip dá bharr.

Agus níos mó ná 1.1 milliún iarratas curtha isteach i dtíortha AE+ in 2023, cuirtear i gcuimhne dúinn na huimhreacha do 2015 agus do 2016, is é sin blianta na géarchéime imirce san Eoraip. Ag an am céanna, d'eisigh tíortha AE+ breis agus 1.1 milliún cinneadh lenar tugadh cosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin, fiú agus an choinbhleacht ag leanúint ar aghaidh agus an tír fós thíos le torthaí tubaisteacha ionradh na Rúise. Difríocht shuntasach idir na blianta 2015-2016 agus 2022-2023 is ea gur tháinig an méadú ar líon na n-iarratas ó roinnt tíortha ar leith le linn ghéarchéim na himirce, agus go dtagann iarratasóirí ó líon níos mó tíortha faoi láthair, rud a fhágann go mbíonn gá le héagsúlacht níos airde sa treoraíocht chun measúnú éifeachtach a dhéanamh ar riachtanais chosanta.

Ar ndóigh, chuir iomlán na ndaoine a bhí ag lorg cosanta córais tearmainn agus ghlactha san Eoraip faoi bhrú ollmhór. Sainaithníodh réitigh chosanta mar gheall ar an toil pholaitiúil acmhainní breise a leithdháileadh agus mar gheall ar iarrachtaí agus saineolas a bheith á gcomhcheangal ag geallsealbhóirí éagsúla ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil. Murab ionann agus an tréimhse 2015-2016, níor cuireadh an bhliain seo caite i láthair mar 'ghéarchéim' sa dioscúrsa poiblí, agus freastal á dhéanamh ag an am céanna ar níos mó daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta agus shealadach de dhíth orthu. Léiríonn sé sin go bhfuil dul chun cinn déanta ag tíortha na hEorpa maidir lena n-ullmhacht a mhéadú agus gur fearr is féidir leo bainistiú a dhéanamh ar rabharta mór daoine atá ag lorg cosanta, d'ainneoin na srianta ar leibhéil éagsúla i bhfeidhmiú na gcóras náisiúnta tearmainn agus glactha.

Mar sin féin, bhí bearnaí agus easnaimh fhorleathana i gcórais ghlactha agus thuairiscigh eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí náisiúnta um chearta an duine, ombudsmain agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le dálaí maireachtála faoi bhun an chaighdeáin, seirbhísí tacaíochta teoranta agus easpa dídine, go minic. Tá sé tuairiscithe ag údaráis tearmainn freisin go bhfuil sláinte na n-iarratasóirí atá ag teacht isteach ag éirí níos measa mar thoradh ar na turais níos contúirtí a dtugann dídeanaithe fúthu chun an Eoraip a bhaint amach, de réir dealraimh. Ciallaíonn freagairt go rianúil agus go córasach do riachtanais sláinte den sórt sin go bhfuil gá le níos mó acmhainní. Ós rud é gur léir go leanfaidh an brú ar aghaidh sna blianta amach romhainn, ní mór do thíortha AE+ clárú agus infheistíocht a dhéanamh dá réir sin chun feabhas a chur ar an gcumas próiseála agus chun córais ghlactha a neartú d'fhonn dálaí glactha díniteacha a chur ar fáil do dhaoine atá i ngátar.

I measc na n-iarrachtaí a rinne tíortha AE+ chun cosaint éifeachtach a sholáthar agus chun na srianta atá tuairiscithe maidir le feidhmiú na gcóras tearmainn agus glactha, bhí ról cinntitheach ag na hinstitiúidí breithiúnacha maidir le *acquis* tearmainn an Aontais a léirmhíniú agus cur chun feidhme praiticiúil CET a threorú. Lean CBAE agus institiúidí breithiúnacha náisiúnta araon de ghrinnscrúdú a dhéanamh ar reachtaíocht, ar bheartais agus ar chleachtais náisiúnta i roinnt réimsí a bhaineann le CET, agus béim ar leith á leagan ar rochtain éifeachtach ar an gcríoch agus ar an nós imeachta tearmainn agus ar chur i bhfeidhm phrionsabal an *non-refoulement,* nós imeachta Bhaile Átha Cliath, measúnú ar iarratais, coinníollacha glactha (lena n-áirítear coimircí d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu) agus coinneáil. Mar fhreagairt ar líon iarratas atá ag dul i méid, táthar ag súil go bhfanfaidh iarrachtaí chun an phróiseáil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a sheachtrú ar an gclár oibre polaitiúil. Sa chomhthéacs sin, beidh sé ríthábhachtach go ndéanfaidh na cúirteanna náisiúnta athbhreithnithe breithiúnacha chun a áirithiú go gcuirfear imeachtaí tearmainn cothroma agus éifeachtúla ar fáil d'iarratasóirí.

Ós rud é go bhfuil sciar suntasach de na cásanna atá ar feitheamh ag fanacht le cinneadh ag an dara céim, táthar ag súil go ndéanfar cleachtais dhleathacha a shainiú níos mó agus go mbeidh tionchar ag cinntí cúirte ar bheartais tearmainn i dtíortha AE+. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach acmhainní a leithdháileadh chun forbairt ghairmiúil agus saineolas maidir le tearmann a chur chun cinn i measc breithiúna náisiúnta. Tá sé ríthábhachtach freisin go leanfaidh na húdaráis cinntí ón gcúirt chun muinín as CET a neartú agus chun sláine CET a chosaint.

Réimse a bhí ina chúis le han-chuid plé in 2023, cosúil leis na blianta roimhe sin, ab ea an dá dhúshlán a bhaineann le bainistiú teorainneacha agus rochtain éifeachtach ar chosaint dóibh siúd atá i ngátar. In 2023, rinneadh bearta suntasacha chun córas comhtháite Eorpach um bainistiú teorainneacha a chalabrú chun teorainneacha seachtracha talún agus mara a rialú go héifeachtach agus chun feidhmiú limistéar Schengen a chosaint. Rinneadh é sin trí idirnascadh agus trí idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise maidir le teorainneacha agus slándáil, trí chomhordú níos dlúithe idir gníomhaireachtaí Eorpacha agus údaráis náisiúnta, agus trí chomhar le tríú tíortha. Ina theannta sin, príomhghné de bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip, mar a mhínigh an Coimisiún Eorpach in 2023, is ea lánurraim a thabhairt do chearta bunúsacha. Mar sin féin, tháinig tuairiscí chun cinn roinnt uaireanta maidir le cleachtais a chuireann bac ar rochtain éifeachtach ar chríoch do dhaoine a bhféadfadh cosaint a bheith de dhíth orthu. Tá sé ríthábhachtach do thíortha AE+ sásraí neamhspleácha a chur ar bun agus a fheistiú go leordhóthanach chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh chearta an duine ag na teorainneacha, mar a fhoráiltear freisin sa Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann.

Gan amhras, ba dhul chun cinn mór in éabhlóid CEAS a bhí sa chomhaontú polaitiúil maidir leis agus sna céimeanna praiticiúla a tógadh ina dhiaidh sin chun an comhaontú a ghlacadh. San éabhlóid stairiúil a tháinig ar CET, spreag sé tíortha AE+ i gcónaí chun feabhas a chur ar a gcórais tearmainn agus ghlactha agus chun caighdeáin chosanta a mhéadú. Leis an gcomhaontú, tá sé i gceist córas tearmainn nua-aimseartha a thairiscint atá, go deimhin, ilghnéitheach agus a sholáthraíonn ionstraimí éagsúla. Is é is aidhm dó cabhrú le tíortha aghaidh a thabhairt ar réaltacht chasta laistigh de thírdhreach imirce atá sainithe ag paraiméadair iomadúla, éagsúla agus neamh-intuartha go minic. Ós rud é nach féidir gach cás a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh, tá sé d'aidhm ag an gcomhshocrú réitigh a neartú agus raon na bhféidearthachtaí a dtugtar aghaidh orthu lena ionstraimí éagsúla a leathnú.

Cé go bhfuil sé tábhachtach reachtaíocht choiteann a dhréachtú, níl ann ach céim amháin i dtreo beartas tearmainn aontaithe agus caighdeáin chosanta chomhchuibhithe. Tá cur i bhfeidhm na rialacha ar bhealach cóineasaithe comhchuibhithe chomh tábhachtach céanna. Tréimhse ghnóthach ach chuiditheach a bheidh sna míonna tar éis ghlacadh an chomhshocraithe, nuair a chuirfidh tíortha, le treoir ón gCoimisiún Eorpach agus le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí an Aontais, na socruithe is gá i bhfeidhm le haghaidh fheidhmiú praiticiúil an chomhshocraithe. Sa phróiseas sin agus níos faide i gcéin, leanfaidh EUAA de bheith ina chuid ríthábhachtach d'ailtireacht tearmainn na hEorpa, ag cur tacaíocht theicniúil, oibríochtúil agus oiliúna ar fáil do thíortha AE+. Lena sainordú treisithe, oibreoidh an Ghníomhaireacht go dlúth le tíortha chun faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear oibleagáidí dlíthiúla *acquis* tearmainn an Aontais i bhfeidhm sa chleachtas, chun easnaimh a chosc, chun teorainneacha atá ann cheana a shainaithint agus chun cúnamh a thabhairt do thíortha aghaidh a thabhairt orthu.

# Tuarascáil Tearmainn 2024: Achoimre Feidhmiúcháin

Mar fhoinse faisnéise maidir le cosaint idirnáisiúnta san Eoraip, tugtar forléargas cuimsitheach i dTuarascáil Tearmainn 2024 ar na príomhfhorbairtí ina taobh sin in 2023. Cuirtear i láthair san Achoimre Feidhmiúcháin leagan giorraithe den phríomhthuarascáil.

Tiomsaíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) faisnéis faoi gach gné den Chomhchóras Eorpach Tearmainn. Chuige sin, sonraítear sa tuarascáil athruithe ar bheartais, ar chleachtais agus ar reachtaíocht. Cuirtear i láthair ann treochtaí tearmainn, príomhtháscairí don bhliain tagartha 2023, forléargas ar chóras Bhaile Átha Cliath lena gcinntear an Ballstát atá freagrach as cás agus roinn thiomnaithe maidir le hiarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, lena n-áirítear mionaoisigh neamhthionlactha. Tá samplaí de chásdlí inti chun cabhrú le daoine dlíthe Eorpacha agus náisiúnta a léirmhíniú i gcomhthéacs *acquis* tearmainn an AE.

Baintear leas i dTuarascáil Tearmainn 2024 as faisnéis ó raon leathan foinsí – lena n-áirítear dearcthaí ó údaráis náisiúnta, ó institiúidí an Aontais, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ón saol acadúil – chun léargas iomlán agus barúlacha éagsúla a chur i láthair. Feidhmíonn an tuarascáil, lena gcumhdaítear an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023, mar thagairt do na forbairtí is déanaí i dtaobh na cosanta idirnáisiúnta san Eoraip.

EUROPEAN UNION
AGENCY FOR ASYLUM